

# Saol agus Ré Naomh Bríd Pleananna Ceachta



## Saol agus Ré Naomh Bríd

### Pleananna Ceachta

### Léargas Ginearálta

Dearadh na ceachtanna seo faoi shaol, ré agus tionchar Naomh Bríd mar thacaíocht foghlama do mhúinteoirí ranganna 4 go 6. Is féidir na ceachtanna a mhúineadh ina n-aonar nó ina mbloc in éineacht leis an leabhrán dar teideal:

Saol agus Ré Naomh Bríd

Arna chruthú ag Abarta Heritage do Chomhairle Contae Chill Dara



Kildare County Council  
Comhairle Contae Chill Dara



Clár Éire Ildánach  
Creative Ireland  
Programme  
2017-2022



## **Ceacht 1 – An Saol in Éirinn sna Meánaoiseanna Luatha – An saol sa Lá atá Inniu ann agus an Saol sna Meánaoiseanna Luatha**

### **Acmhainní**

- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 6-8 den leabhrán.
- Teimpléad Léaráide Venn

### **Forléargas ar an gCeacht**

Dearadh an ceacht seo chun blaiseadh de ré Naomh Bríd (na Meánaoiseanna Luatha in Éirinn) a thabhairt do pháistí. Foghlaimeoidh na páistí faoin gcineál oibre a bhíodh ar siúl ag daoine ag an am sin, faoin áit a raibh cónaí orthu agus faoina saol laethúil. Déanfar tagairt freisin don saol mar a bhí sé ar fud na hEorpa ag an am.

### **Réamhrá**

- Sula dtosaíonn tú, priontáil amach an léaráid Venn agus ullmhaigh aon ábhar eile a bhféadfá leas a bhaint as - íomhánna, srl.
- Seans go mbeadh eolas ag daltaí cheana féin faoin ré seo. Sa chás sin, d'fhéadfadh siad tobsmaointeoireacht a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu, nó a cheapann siad atá ar eolas acu, faoin saol in 500AD.
- Agus na daltaí ag léamh tríd an ábhair, déan liosta pointí urchair de cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don léaráid Venn.

### **Ábhar an Cheachta**

- Iarr ar na daltaí a shamhlú go bhfuil siad ina gcónaí i gCill Dara 1,500 bliain ó shin. Cad a fheiceann siad, cén cineál éadaí atá á gcaitheamh ag na daoine, cá bhfuil cónaí orthu?
- Lig do na páistí díospóireacht a dhéanamh mar ghrúpa nó i bpéirí ar na rudaí a thaitneodh leo faoin saol fadó, agus ar na rudaí a n-aireodh siad uathu iad.
- Is féidir leis na daltaí an léaráid Venn a líonadh amach in n-aonar nó i ngrúpaí - na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann idir an saol in Éirinn in 500AD agus an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann. Déanfaidh na páistí liosta den eolas ar fad i ngach cuid ar leith den chiorcal


- Eolas faoin saol mar a bhí sé in Éirinn in 500AD - m.sh. chónaigh na daoine i liosanna, bhí ríthe agus sclábhaithe in Éirinn, srl.
- Eolas a thaispeánann na cosúlachtaí idir an saol in Éirinn in 500AD agus sa lá atá inniu ann - m.sh. an fheirmeoireacht/dualgais na feirme.
- Eolas faoin saol sa lá atá inniu ann atá difriúil leis an saol mar a bhí sé 1,500 bliain ó shin - m.sh. an teicneolaíocht, poist éagsúla, an scoil.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Scríobh iontráil i ndialann páiste a bhí beo in Éirinn sa bhliain 500AD. Luaigh na dualgais laethúla a bhíonn ort, cad é a dhéanann tú mar chaitheamh aimsire, na cluichí a imríonn tú agus an bealach a bhfoghlaímíonn tú rudaí nua.

ÉIRE SA BHLIAIN 500AD

ÉIRE SA LÁ ATÁ INNIU



## **Ceacht 2 - Mainistreacha Luath-Mheánaoiseacha - Dear do mhainistir féin**

### **Acmhainní**

- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 6, 8, 10, 12 agus 13 den leabhrán.
- Cuardach focal (leathanach 9 den leabhrán, tá na freagraí le fáil ar leathanach 32).
- Íomhánna de mhainistreacha luath-mheánaoiseacha cáiliúla – Sceilg Mhichíl, Cluain Mhic Nóis agus Gleann Dá Loch. Tá na híomhánna le fáil anseo:
  - o Gleann Dá Loch: <http://monastic.ie/history/glendalough/>
  - o Sceilg Mhichíl: <http://monastic.ie/history/skellig-michael/>
  - o Cluain Mhic Nóis: <https://heritageireland.ie/visit/places-to-visit/clonmacnoise/>

### **Forléargas ar an gCeacht**

- Dearadh an ceacht seo chun blaiseadh de ré Naomh Bríd (na Meánaoiseanna Luatha in Éirinn) a thabhairt do pháistí. Foghlaimeoidh na páistí stór focal nua sa cheacht seo maidir le mainistreacha. Déanfar tagairt freisin don saol mar a bhí sé in Éirinn sa ré réamh-Chríostaíochta.

### **Réamhrá**

- Sula dtosaíonn tú, priontáil amach an cuardach focal agus na híomhánna de na mainistreacha amhail Cluain Mhic Nóis agus Sceilg Mhichíl.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu cad is mainistir ann. An féidir leo aon mhainistir áitiúil nó aon mhainistir cháiliúil a ainmniú? Taispeáin na híomhánna de Sceilg Mhichíl agus Cluain Mhic Nóis dóibh ar an gclár bán.
- Cad a bhíodh ar siúl ag na manaigh sna mainistreacha? Cén bealach ar shaothraigh siad airgead?

### **Ábhar an Cheachta**

- Léifidh na páistí tríd an eolas ar lch 8.
- Fiafraigh de na páistí cén foirgneamh is tábhachtaí sa mhainistir, dar leo. Mínigh an freagra a thug tú.
- Cén jab ab fhearr leatsa a dhéanamh sa mhainistir - an fheirmeoireacht, an lámhscríobh, obair le miotal chun cailísí a dhéanamh, snoíodóireacht chloiche chun ardchrosa a chruthú, botháin a thógáil, a bheith i d'oidhe?
- Lig do na daltaí an cuardach focal a dhéanamh.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Is féidir leis na daltaí a mainistir féin a dhearadh ar pháipéir. Ná déanaidís dearmad na foirgnimh ar fad atá liostaithe sa leabhrán a chur san áireamh! D'fhéadfadh siad ospidéal agus tailte feirme a chur san áireamh freisin. Ná déanaidís dearmad ach an oiread gur áiteanna saibhre ab iad na mainistreacha. Mar sin, bhíodh siad timpeallaithe ag ballaí arda mar chosaint agus chun na beithígh a choinneáil istigh.

### **Ceacht 3 – Saol Naomh Bríd – Dúshlán Cartúin**

#### **Acmhainní don Cheacht**

- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 10, 12-14 den leabhrán.
- Teimpléad stiallchartúin

#### **Forléargas ar an gCeacht**

- Sa cheacht seo, foghlaimeoidh na páistí faoi shaol Naomh Bríd. Cruthóidh na páistí cartún sé phictiúr ina insítear scéal óige Naomh Bríd.

#### **Réamhrá**

- Tá tuiscint éigin ag na páistí anois faoin saol a bhí ann sna Meánaoiseanna Luatha in Éirinn agus faoin gcineál saoil a bhí ag Naomh Bríd agus í ag fás aníos. Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi roinnt de na dualgais a bhíodh ar Bhríd agus í ag fás aníos.
- Priontáil amach cóipeanna den teimpléad stiallchartúin.

#### **Ábhar an Cheachta**

- Beidh ar na páistí leathanach 10 a léamh. Iarr orthu a dó nó a trí de phíosaí eolais a phiocadh amach a d'fhéadfadh siad a úsáid ina stiallchartúin féin.
- Cén fáth meas tú an bhfuil na sonraí faoi shaol Naomh Bríd chomh bearnach sin? Cad a mheasann tú a tharla do roinnt de na foinsí eolais faoina saol?
- Beidh ar na páistí leathanaigh 12 agus 14 a léamh.
- Liostálfaidh na páistí ceithre smaoineamh eile a d'fhéadfadh siad a úsáid ina stiallchartúin.
- Bíodh díospóireacht idir na daltaí sa rang faoi na rudaí is fearr a chur san áireamh sa stiallchartún.



- Lig do na daltaí an stiallchartún a chríochnú.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Lín amach an leathanach dathúcháin ar leathanach 29.
- Is féidir leis na páistí eolas a lorg faoi naoimh eile a mhair sna Meánaoiseanna Luatha in Éirinn.

**Teimpléad Stiallchartúin**

<hr/> <hr/> <hr/>	<hr/> <hr/> <hr/>	<hr/> <hr/> <hr/>
<hr/> <hr/> <hr/>	<hr/> <hr/> <hr/>	<hr/> <hr/> <hr/>

## **Ceacht 4 – Míorúiltí Bhríde – Déan do Bhrat Bhríde féin**

### **Acmhainní don Cheacht**

- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 16-17 den leabhrán.
- Cairtpháipéar A4 (dubh nó bán), cearnóga beaga páipéir, péinteanna agus dathanna éagsúla, gliú.

### **Forléargas ar an gCeacht**

- Sa cheacht seo foghlaimeoidh na páistí faoi chuid de na míorúiltí a luaitear le Naomh Bríd. Cruthóidh na páistí a leagan féin de bhrat Bhríde, agus péinteanna agus páipéir á n-úsáid acu.

### **Réamhrá**

- Go dtí seo, d'fhoghlaim na páistí rudaí nua faoi Naomh Bríd agus a saol. Is faoi mhíorúiltí Bhríde an ceacht seo. Iarr ar na páistí a dtuiscint féin ar mhíorúiltí a thabhairt.
- Lig do na páistí tobsmaointeoireacht a dhéanamh faoi na cineálacha míorúiltí a mheasann siad atá luaite le Naomh Bríd.

### **Ábhar an Cheachta**

- Beidh ar na páistí leathanaigh 16 agus 17 a léamh.
- Déan liosta de na míorúiltí a luaitear le Naomh Bríd. Cén mhíorúilt is tábhachtaí a rinne sí, dar leat?
- Dá mbeadh Bríd fós ar an saol, an dóigh leat go mbeadh míorúiltí de chineál eile á déanamh aici? Cén bealach a mbeadh na míorúiltí sin difriúil? Cén cineál daoine a bhféadfadh sí cabhrú leo?
- Cruthaigh do leagan féin de bhrat Bhríde.
- Tabhair roinnt cearnóga beaga páipéir do gach páiste.
- Lig do na páistí a gcearnóga féin a dhathú, a phéinteáil agus a dhearadh cibé bealach is mian leo.

- Greamóidh na páistí a gcearnóga den chairtpháipéar le gliú chun pictiúr déanta de phaistí a chruthú.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Tarraing pictiúr de mhíorúilt a bhféadfadh Naomh Bríd í a dhéanamh sa lá atá inniu ann.

## **Ceacht 5 – Bás agus Oidhreacht Naomh Bríd – Gníomhaíocht Léarscáile**

### **Acmhainní don Cheacht**

- Paca acmhainní oideachais faoi Shaol agus Oidhreacht Naomh Bríd, leathanaigh 18-20 den leabhrán.
- Marcáil na suíomhanna ar an léarscáil sa leabhar oibre

### **Forléargas ar an gCeacht**

- Sa cheacht seo, foghlaimeoidh na páistí faoi bhás Naomh Bríd, faoi cad a tharla dá corp i ndiaidh a báis, agus faoi thaisí sna meánaoiseanna.

### **Réamhrá**

- Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na rudáí atá foghlamtha acu faoi Naomh Bríd go dtí seo.
- Míneigh do na páistí gurb ionann taisé agus iarsmaí de choirp na marbh nó ball éadaigh a mbeadh baint aige le duine marbh.
- Dá mbeadh taisí duine marbh ann inniu, cad a bheadh iontu? Nuair a thugann tú cuairt ar mhúsaem, an mbíonn taisí le feiceáil ann? Boinn, b'fhéidir, nó geansaithe ar le fir nó mná cáiliúla spóirt iad.

### **Ábhar an Cheachta**

- Beidh ar na páistí leathanaigh 18 agus 19 a léamh.
- Cén fáth, dar leat, a raibh na taisí chomh tábhachtach sin do na heaglaisí? Bhí tábhacht mhór ag baint leis na taisí do na heaglaisí sna meánaoiseanna mar gur mheall siad go leor cuairteoirí/oilithreach chun cuairt a thabhairt orthu. Thugadh na hoilithrigh seo deontais airgid don eaglais mar chúiteamh ar choinnle a lasadh nó beannacht a fháil ó thaisí. Mar sin, ba fhoirse airgid thar a bheith tábhachtach na taisí do na heaglaisí.
- Sna meánaoiseanna, ba dheacair a chinntiú cibé an ffortaise nó taisé bhréige a bhí ann. Sin é an fáth a bhfuil trí thaise de chloigeann Naomh Bríd le fáil inniu in áiteanna éagsúla ar fud na hEorpa!

- Cén cineál rudaí a choinneofaí mar thaisí sa lá atá inniu ann, dar leat?
- Aimsigh na háiteanna ar an léarscáil den Eoraip a bhfuil cuid de thaisí Naomh Bríd le fáil. Freagraí: Lámh - Geldrop na Híslítre, Fiacail agus méarchnámh - Köln na Gearmáine, Blaosc - Strasbourg na Fraince, Blaosc - Liospóin na Portaingéile, Blúirí dá blaosc - Lumiar na Portaingéile.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Dear fógra a thugann eolas faoi thaise nua atá le feiceáil i d'eaglais áitiúil.

## **Ceacht 6 – Naomh theacht an Earraigh – Tine Bhríde – tóg macasamhail de thúr ina choinneofaí Tine Bhríde.**

### **Acmhainní**

- Bileoga páipéir, téip ghreamaitheach.
- Treoracha chun an túr a thógáil
- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 22-24 den leabhrán.

### **Forléargas ar an gCeacht**

- Tá dúshlán STEM mar chuid den cheacht seo ina bhfoghlaímítear faoi cheann de mhíorúiltí Naomh Bríd – tine Bhríde.

### **Réamhrá**

- Ceann de na míorúiltí is cáiliúla agus is mistéirí a luaitear le Naomh Bríd is ea tine Bhríde. Siombail thábhachtach de Naomh Bríd atá ann, agus tá lasair Bhríde ar lasadh in Ionad Spioradálta Sholas Bhríde i gCill Dara sa lá atá inniu ann.
- Fiafraigh de na daltaí cén fáth a cheapann siad a bhfuil an tine/lasracha ina siombail de Naomh Bríd.

### **Ábhar an Cheachta**

- Is ó scríbhinní Giraldus Cambrensis, sagart ón mBreatain Bheag, a thagann an t-eolas atá againn inniu faoi Thine Bhríde. Léigh lch 24.
- Cad é atá míorúilteach faoi Thine Bhríde?
- Lasadh an tine arís sa bhliain 1993.

### **Tóg túr le haghaidh Thine Bhríde le páipéar agus téip ghreamaitheach.**

- Sula dtosaíonn tú, mínigh an tasc don rang. D'fhéadfadh na daltaí cloigtheach a thógáil, mar shampla (féach leathanach 18 den leabhrán mar thagairt).

- Tá muid chun túr a chruthú as páipéar agus téip ghreamaitheach Is féidir an téip ghreamaitheach a úsáid chun na píosaí páipéir a ghreamú dá chéile agus bun an túir a choinneáil socair.
- Taispeáin don rang a laige atá bileog pháipéir. Cad is féidir a dhéanamh le go mbeidh sí níos láidre? Déan corna den bhileog nó fill agus athfhill í le go mbeidh sí níos láidre.
- Mínigh don rang go mbeidh an túr a dhéanann siad i bhfad níos láidre má úsáideann siad tíuba páipéir.
- Is féidir leat an físeán seo a thaispeáint don rang chun cabhrú leo - ‘Tallest tower engineering challenge 2021’ <https://www.youtube.com/watch?v=dJr2DJRKY5c&t=229s>
- Is féidir an túr a neartú trí thiúba páipéir a úsáid mar thacaí trasnánacha don struchtúr.
  - **Roinn an rang ina fhoirne**
  - Tabhair 5 nóiméad do gach foireann dearadh a dtúir a phleanáil.
  - Tabhair 15 nóiméad do gach foireann a dtúir a thógáil.
  - Tabhair 20 bileog pháipéir do gach foireann.
  - Beidh an bua ag an bhfoireann a n-éiríonn leo an túr is airde agus is láidre a thógáil laistigh de 15 nóiméad.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Cuir dath ar an leathanach dathúcháin ‘bláthanna earraigh’; leathanach 23 den leabhrán.



## **Ceacht 7 – Logainmneacha a bhfuil baint acu le Naomh Bríd – gníomhaíocht léarscáile**

### **Acmhainní**

- Google Maps
- Atlas/léarscáil d'Éirinn
- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanaigh 26 agus 27 den leabhrán.

### **Forléargas ar an gCeacht**

- Is faoi oidhreacht Naomh Bríd an ceacht seo; an bhaint atá ag a hainm le háiteanna éagsúla ar fud na hÉireann agus an domhain.

### **Réamhrá**

- Is naomh an-cháiliúil í Naomh Bríd – meas tú an bhfuil cáil uirthi taobh amuigh d'Éirinn? An bhfuil áit ar bith ar eolas agat atá ainmnithe as Naomh Bríd? Déan liosta de na háiteanna a luann na daltaí atá ainmnithe aisti.

### **Ábhar an Cheachta**

- Léigh leathanaigh 26 agus 27.
- Ba as Cill Dara do Bhríd, mar sin is iomaí áit sa chontae a bhfuil baint ag a hainm leo. An gceapann tú go bhfuil áiteanna eile ann, taobh amuigh de Chill Dara, a bhfuil baint ag a hainm leo?
- Cuir na daltaí ina ngrúpaí agus abair leo ainm Naomh Bríd a lorg i gcontaetha éagsúla.
- Seo roinnt samplaí de na cineálacha áiteanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist:
  - Scoileanna
  - Clubanna CLG

- Tobair bheannaithe
- Cén fáth, dar leat, a bhfuil go leor scoileanna ainmnithe as Naomh Bríd?
- Scaipeadh ainm Naomh Bríd go tíortha eile ar fud na hEorpa. Mar is eol dúinn, scaipeadh taisí Naomh Bríd ar fud na hEorpa sna meánaoiseanna. An féidir leat aon eaglaisí Eorpacha a aimsiú ina bhfuil a taisí fós le feiceáil? (féach leathanaigh 19 agus 20 den leabhrán - tá cuid dá blaosc le fáil i séipéal beag gar do Liospóin sa Phortaingéil; tá paiste dá brat le fáil in Bruges na Beilge, agus tá taise dá cuid le fáil in eaglais *Groß St. Martin* in Köln na Gearmáine).
- Bhain Naomh Bríd clú agus cáil amach sa 19ú agus 20ú haois ar fud an domhain. Sa chéad cheacht eile, foghlaimoidh muid faoi oidhreacht idirnáisiúnta Naomh Bríd.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Cruthaigh léarscáil de na háiteanna ar fad in Éirinn a bhfuil baint ag ainm Naomh Bríd leo.
- Cruthaigh eochair eolais a mhíníonn cén cineál suímh atá ann i ngach cás – tobar beannaithe, scoil, club CLG, srl.

**Ceacht 8 – Oidhreacht Naomh Bríd – scríobh litir chuig scoil eile i dtír i gcéin faoi oidhreacht Naomh Bríd / a mhíníonn na difríochtaí idir Éire sa lá atá inniu ann agus Éire sna meánaoiseanna.**

**Acmhainní**

- Google Maps
- Suíomh Gréasáin Shiúracha Bhríde - <https://brigidine.org.au/about-us/our-story/>
- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanach 28 den leabhrán.

**Forléargas ar an gCeacht**

- Déanfar fiosrú ar an ngné idirnáisiúnta d’oidhreacht Naomh Bríd sa cheacht seo. Caithfidh muid súil siar ar oidhreacht Naomh Bríd in Éirinn freisin.

**Réamhrá**

- Léigh trí leathanach 28 den leabhrán. An bhfuil aon rud ann ba mhaith leis an rang a chur le hoidhreacht Naomh Bríd?
- Cén rud is tábhachtaí, dar leat, faoi oidhreacht Naomh Bríd?

**Ábhar an Cheachta**

- Mar a rinne muid sa cheacht deireanach, inar fhiosraigh muid an bhaint atá ag ainm Naomh Bríd le háiteanna éagsúla ar fud oileán na hÉireann, sa cheacht seo fiosróimid ainm Naomh Bríd sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Foghlaimeoidh muid faoi Shiúracha Bhríde freisin.
- Sa 19ú haois, d’fhág na milliún Éireannach an tír chun tabhairt faoi shaol nua thar lear. ‘Eisimirce’ a thugtar air seo. Fiafraigh den rang cén fáth ar tharla sé sin? (Gorta, an bhochtaineacht, an dífhostaíocht áitiúil, feabhsuithe i gcúrsaí taistil - spreag na gnéithe sin ar fad daoine chun tabhairt faoi shaol nua i dtíortha eile).
- D’aistrigh Siúracha Bhríde chun na hAstráile sna 1880idí d’fhonn an t-oideachas Críostaí a chur chun cinn sa tír sin.

- Bain úsáid as Google Maps chun scoileanna san Astráil atá ainmnithe as Naomh Bríd a aimsiú.
- Gníomhaíocht ranga – iarr ar an rang litir a scríobh chuig scoil san Astráil.
- Roinnt leideanna scríbhneoireachta:
  - Scríobh faoin saol mar atá sé in Éirinn faoi láthair
  - Na rudaí a fhoghlaimíonn tú ar scoil
  - Na rudaí atá foghlamtha agat faoi Naomh Bríd
  - Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Naomh Bríd, dar leat?
  - Cuir cúpla ceist ar dhaltaí na scoile a bhfuil tú ag scríobh chuici faoin saol/scoil san Astráil.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Tarraing léarscáil den domhan a thaispeánann na háiteanna ar fud na cruinne a bhfuil scoileanna atá ainmnithe as Naomh Bríd lonnaithe.

## **Ceacht 9 – Oidhreacht spioradálta agus ealaíonta Naomh Bríd – déan cros Bhríde agus/nó fuinneog dhaite.**

### **Acmhainní**

- Suíomh gréasáin ‘Brigid 1500’ - Seo suíomh gréasáin ar a bhfuil eolas agus gníomhaíochtaí do pháistí ar fáil, lena n-áirítear físeán faoi conas cros Bhríde a dhéanamh.
- Saol agus Ré Naomh Bríd, leathanach 21 den leabhrán.
- Conas cros Bhríde a dhéanamh
  - o 16 ghas Luachra/ghas Tuí
  - o 4 bhanda rubair bheaga
  - o Siosúr

### **Forléargas ar an gCeacht**

Is le hoidhreacht ealaíonta Naomh Bríd in Éirinn a bhaineann an ceacht seo. Sa cheacht seo, foghlaimoidh na daltaí conas cros Bhríde a dhéanamh freisin.

### **Réamhrá**

- D’fhoghlaim muid cheana féin faoi áiteanna agus toibreacha éagsúla in Éirinn atá ainmnithe as Naomh Bríd. An cuimhin leat cá bhfuil na háiteanna sin? Marcáil na háiteanna ar an léarscáil atá ar leathanach 27.

### **Ábhar an Cheachta**

- Tá íomhánna de Naomh Bríd le fáil ar fud na hÉireann in eaglaisí agus i lámhscríbhinní.
- An oidhreacht ealaíonta is mó a luaitear le hainm Naomh Bríd - cros Bhríde.
- **Conas cros Bhríde a dhéanamh**

- Cuir dhá ghas luachra trasna ar a chéile i gcruth croise. Lúb an gas atá cothrománach
- ina dhá leath trasna lár an ghais ingearaigh.
- Beir greim docht idir méar agus ordóg ar an áit a bhfuil an dá ghas ag teacht le chéile sa lár.
- Cas an dá ghas 90 céim ar chlé le go mbeidh bun agus barr an ghais lúbtha in airde go hingearach.
- Ar an dóigh chéanna, lúb gas nua trasna lár an ghais atá ingearach anois. Coinnigh greim docht ar an trí ghas le chéile.
- Cas an trí ghas 90 céim eile ar chlé le go mbeidh bun agus barr an tríú gas in airde go hingearach anois.
- Lúb gas nua trasna lár na ngas ar fad atá in airde go hingearach agat.
- Cas na gais ar fad 90 céim ar chlé arís, gach uair ag lúbadh gas nua trasna na ngas ingearach go dtí go mbeidh gach gas luachra úsáidte agat.
- Teanntaigh géaga na croise le banda rubair. Gearr bun agus barr na ngas ionas go mbeidh an leithead céanna ag na gais ar fad. Tá an chros Bhríde réidh le crochadh anois.
- Tá físeán faoi conas chros Bhríde a dhéanamh ar fáil ag an nasc seo - <https://brigid1500.ie/get-involved/school/>

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Cruthaigh fuinneog dhaite.
  - Acmhainní:
    - Rianpháipéar
    - Páipéar síoda daite
    - Cairtpháipéar dubh

- Gliú
- Siosúr
- Marcóirí/Pinn luaidhe

o Treoracha:

- Tarraing cruth fuinneoige (fuinneog chruinn nó fuinneog rinneach) ar an rianpháipéar agus gearr amach é.
- Gearr suas an páipéar síoda daite ina phíosáí beaga agus greamaigh iad sin den fhuinneog rianpháipéir.
- Gearr an cairtpháipéar ina stiallacha tanaí agus greamaigh na stiallacha ar imeall an rianpháipéir chun fráma dubh a dhéanamh don fhuinneog.
- Cuir an fhuinneog os comhair foinse solais. Feicfidh tú an solas ag lonrú tríd an pháipéar síoda ildaite.

## **Ceacht 10 – Sos ar son na Síochána – Dear póstaer**

### **Acmhainní**

- Físeán “Pause for Peace” leis an Taoiseach Leo Varadkar - <https://www.youtube.com/watch?v=8xLs8h8RTiA>
- Léigh an tuarascáil seo a leanas faoin teachtaireacht “Pause for Peace in 2023” – <https://solasbhride.ie/co-kildare-calls-for-a-pause-for-peace-on-st-brigids-day-february-1st-2023/>
- Páipéar agus pinn luaidhe/marcóirí daite don phóstaer.

### **Forléargas ar an gCeacht**

Díríonn an ceacht seo ar cheann de teachtaireachtaí is buana a thug Naomh Bríd dúinn – an Sos ar son na Síochána. Is tionscnamh comhpháirteach an Sos ar son na Síochána idir ‘Into Kildare’ agus Ionad Spioradálta Sholas Bhríde chun an tsíocháin a chur chun cinn ar fud an domhain.

### **Réamhrá**

- Míniú do na daltaí cad é atá i gceist leis an Sos ar son na Síochána. Nóiméad machnaimh atá ann a tharlaíonn ar ag 12:00pm ar an 1 Feabhra gach bliain.
- “Trí shos machnaimh a ghlacadh, cuireann muid in iúl go bhfuil muid i gcoinne na cogáochta agus iomadú na n-arm, dhá rud a dhéanann scrios ar an duine agus ar an dúlra. Tá sé mar aidhm ag an ngluaiseacht seo an comhbhá agus an tsíocháin dhomhanda a chur chun cinn. Ómós cuí atá ann d’oidhreacht Naomh Bríd agus dár sinsir romhainn Sos ar son na Síochána a ghlacadh ar Lá Fhéile Bríde, an chéad lá de mhí Feabhra, gach bliain. An tSiúr Rita Minehan.

### **Ábhar an Cheachta**

- Is siombail den chineáltas agus den tsíocháin í Naomh Bríd. Iarr ar na páistí smaoineamh ar bhealaí éagsúla a d’fhéadfadh muid an Sos ar son na Síochána a chur chun cinn. Cén cineálacha gníomhaíochtaí a d’fhéadfaí a chur ar bun.



- Is féidir leis na páistí a bheith ag obair le chéile chun póstaer a chruthú a chuireann chun cinn an Sos ar son na Síochána. Féadfaidh siad íomhánna de choilm, croíthe, an domhan, agus siombail eile den ghrá agus den chomhbhá a úsáid.

### **Gníomhaíocht Bhreise**

- Scríobh litir chuig ionadaí rialtais áitiúil ag lorg cabhrach uathu an tionscnamh Sos ar son na Síochána a chur chun cinn.
- Reáchtáil cruinniú don scoil ar fad chun an Sos ar son na Síochána a chur chun cinn, agus eagraigh nóiméad ciúnais don scoil ar fad ag 12:00 ar an gcéad lá de mhí Feabhra.